An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Tubaiste ar an Titanic

Máire Zepf

Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Eolas faoin Leabhar

An tÚdar: Máire Zepf

Maisitheoir: Olivia Golden

Scríobhann Máire Zepf leabhair do dhaoine óga. Tá leabhair le pictiúir, úrscéalta stairiúla agus úrscéal véarsaíochta scríofa aici. Tá sraith leabhar faoi Rita scríofa aici i bpáirt leis an maisitheoir Andrew Whitson agus tá an tsraith leabhar 'Muireann' aistrithe go Gaeilge aici. Tá duaiseanna agus gradaim éagsúla bainte amach aici.

Clúdach an Leabhair

Sula léann tú an blurba ar an gclúdach cúil, féach ar an bpictiúr ar an gclúdach tosaigh. Cad é ábhar an scéil seo, dar leat?

Léigh an cur síos atá ar chúl an leabhair. An leor an blurba sin le tuiscint a thabhairt do léitheoirí ar ábhair an leabhair?

Cén cineál scéil a bhfuil tú ag súil leis? Scéal eachtrúil? Scéal brónach?

Faoin Leabhar:

Is scéal stairiúil ina bhfuil amthaisteal é an scéal seo. An bhfuil scéalta eile den chineál seo léite agat i nGaeilge, i mBéarla nó i dteanga eile? Cad iad? Ar thaitin siad leat?

An bhfuil aon eolas agat ar an long, an Titanic? Má tá inis dúinn cad a tharla.

Téamaí an Leabhair:

Draíocht/ Amthaisteal: Tá draíocht ag baint leis an scéal seo nuair a osclaíonn Brídín an doras leis an eochair agus tuigtear do Bhrídín agus do Chormac go bhfuil eachtra le tarlú.

Cairdeas: Tá cairdeas an-dearfach idir Brídín agus Cormac, deirfiúr agus deartháir. Castar Nóra ar Bhrídín agus ar Chormac agus tá caidreamh agus tuiscint dhearfach idir an triúr acu.

Teannas: Tá teannas sa scéal seo, tuigeann Cormac cad atá i ndán don long, an Titanic, agus tá sé buartha agus imníoch faoin todhchaí.

Caibidil 1

Déan cur síos ar phearsantacht Bhrídín agus ar phearsantacht Chormaic.

Cé acu carachtar is fearr leat? Cén fáth?

An dóigh leat go bhfuil tú cosúil le Brídín nó Cormac? Cén fáth?

Le plé sa rang:

An gcreideann tú gur féidir taisteal siar in am agus cuairt a thabhairt ar thréimhse faoi leith staire?

An bhfuil tréimhse faoi leith staire ar mian leat dul siar chuici? Cén fáth?

Caibidil 2

Cúpla ceist faoin téacs:

Tá a fhios againn ó theideal an leabhair seo go bhfuil an scéal suite ar an long Titanic, ach cad iad na leideanna eile a thugtar dúinn ina thaobh sin?

Cad atá le tuiscint ón méid a deir Nóra linn maidir le haicmí, stádas agus paisinéirí a bheith thuas nó thíos ar leibhéil éagsúla? (lgh. 20-21)

Le plé sa rang:

An raibh an ceart ag Nóra dul le Brídín agus le Cormac? Dá mbeadh eochair dhraíochta ag cara leat, an leanfá é/í?

Caibidil 3

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a thugann Cormac faoi deara faoi éadaí agus feisteas na ndaoine atá thíos staighre agus thuas staighre? (lch. 25)

Déan cur síos ar na radharcanna áille a fheiceann Brídín, Cormac agus Nóra.

Le plé sa rang:

Tuigtear do Bhrídín agus do Chormac go bhfuil siad i mbaol nuair a luann Nóra ainm na loinge, An Titanic. Cad a dhéanfá dá mba thusa Brídín nó Cormac?

Caibidil 4

Cúpla ceist faoin téacs:

Tugann Cormac cur síos ar an Titanic agus ar a bhfuil i ndán dóibh má fhanann siad ar an long. Cad é do mheas ar an gcinneadh a dhéanann Brídín? An ndéanfá an rud céanna?

Caibidil 5

Cúpla ceist faoin téacs:

An éiríonn le Brídín agus Cormac an scéal ar fad a insint do mháthair Nóra agus Shéimí? An gcreideann sí iad?

Cad a tharlaíonn go gcreideann máthair Nóra agus Shéimí an scéal?

Le plé sa rang:

Féach ar an bpictiúr atá ar lch. 43. Déan cur síos ar na mothúcháin atá á léiriú ann.

Féach ar an bpictiúr atá ar lch. 43. An bhfeiceann tú na ceannlínte? Cum ceannlínte eile.

Déan cur síos ar na bealaí a bheadh ag iriseoirí agus ag paisinéirí le cur síos a dhéanamh ar na heachtraí, dá dtarlódh taisme mar seo anois.

Caibidil 6

Cúpla ceist faoin téacs:

'Bhí sé soiléir ón dreach a bhí ar aghaidh Eilís gur thuig sí an scéal anois'. An féidir leat seo a shamhlú? An dóigh leat go dtuigeann Eilís cad atá i ndán dóibh?

Cad é an plean atá ag Brídín le cabhrú le hEilís, Nóra agus Séimí?

Caibidil 7

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth nach bhfuil Séimí ag iarraidh dul isteach sa bhád tarrthála? Cad a dhéanann an t-oifigeach?

Cad a deir Eilís le Brídín agus le Cormac? Cad a thugann sí do Bhrídín?

Le plé sa rang:

Cad a tharlóidh do Bhrídín agus do Chormac? Cad a dhéanfá?

Caibidil 8

Cúpla ceist faoin téacs:

An bhfuil tú buartha do Bhrídín agus do Chormac?

Cén smaoineamh a ritheann le Brídín agus Cormac chun éalú ón mbás?

Cad a tharlaíonn agus iad ag triail na heochrach i ngach doras ar an dorchla?

Le plé sa rang:

Conas mar a bhraith tú ag léamh an phíosa seo den scéal? Cén bealach, nó stíl, a bhí ag an údar leis na mothúcháin sin a chur in iúl?

Caibidil 9

Cúpla ceist faoin téacs:

Ar thaitin críoch an scéil leat?

Cad a tharla d'Eilís, Nóra agus Séamus Ó Dálaigh?

Le plé sa rang:

Ar chreid tú an draíocht a bhain leis an scéal seo? Ar thaitin an t-amthaisteal leat?

An dtaitníonn scéalta den chineál seo leat? An bhfuil scéalta nó scannáin eile feicthe agat (Gaeilge, Béarla, teanga eile) ina dtarlaíonn a leithéid de thaisteal ama? Cad iad?

Sa Seomra Ranga

1. **Léigh siar agus tarraing** pictiúr de na carachtair éagsúla atá sa scéal.
2. **Machnamh agus Plé** An bhfuil scéal den chineál seo, a bhaineann le do cheantar féin, ar eolas agat? Inis dúinn.

3. **Na Pictiúir sa leabhar** An dóigh leat go bhféadfá an scéal a scríobh ó bheith ag breathnú ar na pictiúir atá sa leabhar? Cad é an pictiúr is mó a thaitníonn leat? Cén fáth?
4. **Taighde agus Tionscnamh** Déan taighde ar an Titanic agus ar na heachtraí agus an tubaiste thragóideach a tharla.
5. **Ceannlínte/ Instagram agus Twitter:** Tá níos mó béime anois ar scéalta ag teacht ó fhinnéithe agus daoine a mhair trí thubaistí … Cad iad na tuairimí agus smaointe atá agat maidir leis sin? An dóigh leat go bhfuil gach duine ina (h)iriseoir? An bhfuil freagracht ann maidir le nuacht agus scéalta a roinnt le daoine eile? Cad iad na freagrachtaí sin?
6. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa duine de na paisinéirí; scríobh cur síos ar an long agus an eispéireas a bhí agat ar an Titanic. Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
7. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Cormac; scríobh cur síos ar an lá a bhí agat agus tú ar an Titanic. Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
8. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh an comhrá a bheidh idir Brídín agus a seanmháthair nuair a fhillfidh Brídín ar an ngnáthshaol. Cuir san áireamh na ceisteanna a bheadh aici maidir leis an eochair, an draíocht, an doras agus an t-aistear a rinne sí féin agus Cormac.